NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach: Amharc-ealaín

## Modúl Roghnach

Dréacht le haghaidh comhairliúcháin

# Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach (CFL1SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL1SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl roghnach is ea an Amharc-ealaín.

Modúl amháin atá san Amharc-ealaín. Tá sé deartha le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Amharc-ealaín | 60 |

# Réasúnaíocht

Cuirtear go mór le forbairt an duine iomláin nuair a fhoghlaimítear trí na healaíona. Bealach is ea an Amharc-ealaín chun cumarsáid amhairc a dhéanamh. Is teanga í a chuireann cruth ar smaointe. Is é is aidhm don mhodúl roghnach seo tacú le forbairt fhisiciúil, chéadfach, mhothúchánach an scoláire agus deiseanna a chruthú chun páirt a ghlacadh sa saol thart timpeall air. Cabhraítear leis an scoláire, sa mhodúl Amharc-ealaíne, páirt a ghlacadh i ngach cineál amharc-ealaíne ar scoil, sa bhaile, agus sa phobal, trí thaitneamh a bhaint as réimse gníomhaíochtaí agus eispéireas ealaíonta.

Is meán fionnachtana í an amharc-ealaín, ag ceadú don scoláire díriú ar an gcumarsáid, ar an bhfreagairt agus ar an bhféinléiriú. Cuirtear le taithí, dúshláin agus spraoi céadfach an scoláire léi, ina gcumasaítear don scoláire plé lena scileanna idirphearsanta agus inphearsanta agus iad a fhorbairt.  Cuirfear feabhas ar mhuinín agus ar fholláine trí chéile an scoláire leis an rannpháirtíocht san Amharc-ealaín, de réir mar a fhaigheann sé taithí ar gach gníomhaíocht i suíomh ceart struchtúrtha, taitneamhach, tacúil. Leis an taithí sin, braithfidh an scoláire go bhfuil éacht déanta aige agus cuirfear lena fhéinmhuinín.

Cuireann forbairt ar thuiscint an scoláire ar conas is féidir taitneamh a bhaint as an amharc-ealaín le forbairt na bpríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus cuirtear forbairt scileanna saoil tábhachtacha chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe don scoláire ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann sé dul chun cinn i gconairí foghlama na sraithe sinsearaí agus a aistríonn sé chuig an saol tar éis na scoile.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Tá an modúl seo deartha chun foghlaim agus eispéiris an scoláire ón tsraith shóisearach a chomhdhlúthú agus a chur chun cinn. Tá an modúl struchtúrtha chun leanúnachas a sholáthar ó Aonad Foghlama Tosaíochta (AFT) Leibhéal 1 sna hEalaíona ag an tsraith shóisearach, sonraíocht Churaclam Amharc-ealaín na Bunscoile agus sonraíocht Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí chun foghlaim an scoláire a chur chun cinn, a fheabhsú agus a dhoimhniú sa tsraith shinsearach.

Leis an Amharc-ealaín, tacaítear le forbairt agus cur chun cinn phríomhscileanna an scoláire ón tsraith shóisearach, lena n-áirítear scileanna a bhaineann le féinbhainistiú, le bheith ag fanacht folláin, agus le cumarsáid a dhéanamh, agus cuirtear chun cinn forbairt agus foghlaim i réimsí amhail cumarsáid, teanga, uimhearthacht, comhordú luaile agus feasacht ar spásúlacht.

Tugtar deiseanna don scoláire a léiriú conas is féidir foghlaim a fhaightear anseo a bheith nasctha leis an bhfoghlaim roimhe seo, le réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil, agus a chuid foghlama á cur i bhfeidhm i réimsí amhail Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Cúram Pearsanta, Ceol, Drámaíocht, A bheith Rannpháirteach sa Phobal nó a réimse sainspéise. Tá an méid sin ina chuidiú chun foghlaim a neartú agus inniúlacht an scoláire a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, agus a bheith gníomhach, agus tá sé ina thaca le hidirghníomhaíochtaí agus le freagairtí. Cuireann sé sin eispéireas foghlama leanúnach ar fáil don scoláire ar feadh na sraithe sinsearaí. Tá an méid sin ina chuidiú le foghlaim an scoláire a neartú agus a chur chun cinn, rud a chumasaíonn dó, dá réir sin, braistint gaisce agus muiníne ina chuid foghlama a fhorbairt.

## Teagasc agus foghlaim

Leagtar béim sa mhodúl seo ar an rannpháirtíocht ghníomhach, ar an rannpháirtíocht shóisialta, agus ar an bhfoghlaim chéadfach phraiticiúil, ó thaithí, ag díriú ar an aimsiú treoraithe trí amharc-ealaín a chruthú.

Baineann an scoláire na torthaí foghlama amach trí mheán na ngníomhaíochtaí. Dá bharr sin, ba cheart go gcuirfí ar chumas an scoláire ar scoil a bheith ag plé le réimse gníomhaíochtaí a dearadh ionas go gcruthódh an scoláire amharc-ealaín agus go mbainfeadh sé taitneamh as an amharc-ealaín. Is féidir leis an scoláire páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí aonair agus mar chuid de ghrúpa freisin agus ba cheart cuid mhór deiseanna a thabhairt dó chun taithí a fháil ar an spraoi, ar an taitneamh agus ar na gnéithe sóisialta a bhaineann leis an amharc-ealaín. Trí thionscadail chomhoibríocha tacaítear le hidirghníomhaíocht shóisialta agus cumarsáid de réir mar a phléann an scoláire lena phiarghrúpa nó lena piarghrúpa agus leis an bpobal níos leithne.

Cé go moltar gníomhaíochtaí áirithe, tá an tsolúbthacht ag scoileanna a gcuid gníomhaíochtaí féin a sholáthar ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil agus conláistí áitiúla agus ábhair spéise na scoláirí. Áirítear ar shamplaí de ghníomhaíochtaí, gan bheith teoranta dóibh: a bheith ag obair le péint, spúinsí, criáin, pinn luaidhe, pastail, cailceanna, cré, marla, Lego, páipéar gainimh, éadach, grianghrafadóireacht, físeán, meáin dhigiteacha, stáisiúin dhifriúla a chur ar bun le huigeachtaí difriúla, ábhair thógála, uirlisí, ina measc sin teicneolaíochtaí ábhartha, gníomhaíochtaí scoile amhail seó na scoile, cuairteanna ar áiteanna atá inspéise ó thaobh na healaíne de, dánlanna, taispeántais, iarsmalanna, aoi-ealaíontóirí. Ceadaíonn siad seo don scoláire an amharc-ealaín a fhiosrú ar a luas féin, tuilleadh acmhainní a thabhairt don scoláire mar aon le deiseanna rannpháirtíochta san fhíorshaol.

Déantar gníomhaíochtaí amharc-ealaíne a struchtúrú ar bhealach ina dtacaítear le forbairt fhisiciúil agus mhothúchánach an scoláire, atá solúbtha maidir le freastal ar riachtanais ar leith san am céanna. Tógtar scileanna luaile go nádúrtha mar thoradh ar go leor gníomhaíochtaí ealaíonta, mar shampla breith ar scuaba, páipéar a stróiceadh, a bheith ag dealbhú le cré nó le marla. Forbraítear neart, smacht, agus cuirtear an comhordú chun cinn mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin, agus chomh maith leis sin tacaítear le forbairt na samhlaíochta, leis an gcumarsáid, agus leis an gcaidreamh sóisialta de réir mar a phléann an scoláire leis an bpróiseas cruthaitheach.

Is féidir ceisteanna a bheith i gceist agus gníomhaíochtaí ealaíne an scoláire á bpleanáil ag múinteoir don scoláire. Is féidir go mbeidh feidhm aige sin maidir le trealamh, teicneolaíocht agus gníomhaíochtaí taiscéalaíocha a roghnú atá oiriúnach do riachtanais an scoláire. Túsphointe foghlama le haghaidh scoláirí ar leith is ea éirí compordach le huigeachtaí, fuaim agus boladh na n-ábhar ealaíne, fad agus a bheidh scoláirí eile ag brath ar an teicneolaíocht chun a bheith ag cruthú. I gcás inar cuí, úsáidtear teicneolaíocht dhigiteach agus oiriúnaitheach chun tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht. A bhuí le háiseanna amhairc, uirlisí líníochta don líne ardaithe, uirlisí oiriúnaitheachta don chruthú agus gléasanna cumarsáide, leideanna amhairc agus réad, is féidir inniúlacht an scoláire a fheabhsú chun a bheith ag plé leis an gcuraclam.

# Modúl: Amharc-ealaín

## Tuairisceoir modúil

Tacaítear sa mhodúl seo le gníomhaíochtaí ealaíonta, saibhre ó thaobh na gcéadfaí de, ina gcuirtear ar chumas an scoláire an amharc-ealaín a fhiosrú agus a chruthú. Is féidir leis an scoláire sult a bhaint as na gníomhaíochtaí sin, ach freisin, a bhuanna pearsanta féin maidir leis an amharc-ealaín a aithint, léirthuiscint a fhorbairt don amharc-ealaín agus teacht ar bhealach chun é féin a chur in iúl tríd an amharc-ealaín.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **A bheith i do chruthaitheoir ealaíne**<br>Cruthaíonn an scoláire a amharc-ealaín féin ina dtugtar léiriú ar a mhothúcháin nó ar a eispéiris féin, ina smaoiníonn sé ar conas a mhothaíonn sé, na hábhair agus na teicnící a roghnaíonn sé a úsáid nó cad is mian leis a thaispeáint trína chuid oibre. Leagtar béim ar an bpróiseas, chun sult a bhaint as an ealaín. Baineann an scoláire triail as, agus faigheann sé taithí ar an bpróiseas ealaíonta chun a chuid oibre féin a chruthú. | a. Próiseas samplach nó a bhfuil cur amach aige air a leanúint chun saothar a chruthú<br>b. Úsáid a bhaint as teicnící a bhfuil cur amach aige orthu le tacaíocht<br>c. A bheith ag plé le huigeachtaí, dathanna, nó ábhair dhifriúla le lámha nó le huirlisí<br>d. Dathanna, ábhair agus uirlisí a roghnú chun tasc a bhfuil cur amach aige air a dhéanamh<br>e. Triail a bhaint as ábhair, uigeachtaí nó uirlisí difriúla agus ansin iad a roghnú<br>f. Dathanna, línte, spotaí nó cruthanna san amharc-ealaín a aithint agus a shainaithint<br>g. Gnéithe amhail dath, líne, cruth, spotaí, nó patrún a roghnú chun amharc-ealaín a chruthú<br>h. Gnéithe amhail dath, líne, cruth, spotaí, nó patrún a roghnú chun mothúcháin a chur in iúl<br>i. A bheith ag faire ar an toradh a bhíonn ar dhathanna agus cruthanna a mheascadh<br>j. Rogha datha, uirlisí nó ábhair a chur in iúl agus saothar ealaíne á chruthú<br>k. Saothar amharc-ealaíne a chruthú |

| | |
|---|---|
| **Ciall na healaíne**<br>Freagraíonn an scoláire don amharc-ealaín. Labhraíonn sé faoina amharc-ealaín féin, nó faoi amharc-ealaín duine eile, ag éirí níos muiníní ina shaothar ealaíonta féin. | l. Smaointe a chur in iúl maidir le saothar amharc-ealaíne a chruthú<br>m. Scileanna agus roghanna pearsanta a aithint agus a shainaithint maidir le hamharc-ealaín a chruthú<br>n. Amharc-ealaín a chruthú a bhfuil gné éisteachta ag baint léi (m.sh., ealaín a chruthú a ghabhann le fuaimeanna nó leas a bhaint as ábhair a dhéanann fuaim nuair a leagtar lámh orthu).<br>o. A chuid saothar ealaíne féin a ullmhú le taispeáint<br>p. A chuid ealaíne féin a thaispeáint<br>q. Amharc-ealaín ina thimpeallacht áitiúil a shainaithint agus a aithint<br>r. Freagairt don ealaín<br>s. Rogha nó tuairim i leith saothar ealaíne a chur in iúl<br>t. Saothair ealaíne ó chultúir dhifriúla agus ó thréimhsí ama difriúla a fhiosrú<br>u. Taithí a fháil ar ealaín sa phobal |

